III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

## TUAIRIM Uimh. 5/2012

*(de bhun Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE))*

**maidir leis an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile de chuid an Aontais Eorpaigh**

(2012/C 205/01)

RINNE CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe d'Airteagal 336 den chéanna,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Oibre Seirbhíseach Eile (CEOS) de chuid an Aontais Eorpaigh [1],

Ag féachaint don iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ar thuairim maidir leis an togra thuasluaite, a fuarthas sa Chúirt an 5 Márta 2012,

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim maidir leis an togra thuasluaite, a fuarthas sa Chúirt an 30 Eanáir 2012,

Ag féachaint dá cuid Tuarascálacha Bliantúla, dá cuid Tuarascálacha Speisialta agus dá cuid Tuairimí [2],

AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

**RÉAMHRÁ**

1. Molann an Coimisiún laghdú 5 % ar an bhfoireann i ngach ceann d'institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh idir 2013 agus 2018. D'fhonn éifeacht an laghdaithe seo a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna eile a bhaineann leis an bhfoireann, molann sé líon athruithe ar na Rialacháin Foirne, eadhon:

— méadú ar an tréimhse oibre sheachtainiúil go dtí íosmhéid 40 uaire an chloig,

— ardú ar an ngnáthaois scoir ó 63 go 65 bliana agus ar an luathaois scoir ó 55 go 58 mbliana,

— athbhreithniú ar na nósanna imeachta maidir leis an gcoigeartú bliantúil ar luach saothair agus ar phinsin agus ar an gcoigeartú bliantúil ar an ráta ranníoca pinsin,

— athrú ón tobhach speisialta reatha go dtí tobhach dlúthpháirtíochta 6 %,

— athdhearadh ar ghairm fheidhmghrúpa na gcúntóirí trí fheidhmghrúpa nua a chur ann do rúnaithe agus don fhoireann chléireachais (AST/SC),

— líon teoranta modhnuithe eile a bhaineann leis an eagraíocht agus le bainistiú foirne.

2. Déantar meastachán i dtogra an Choimisiúin ar an tionchar airgeadais don tréimhse 2013-2020. Is é atá ann:

— coigiltis 1 041 milliún euro faoi Cheannteideal 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil (dá ngairtear "an MFF" ina dhiaidh seo),

[1] COIM(2011) 890 leagan deireanach an 13 Nollaig 2011.

[2] Féach Tuairim Uimh. 14/2002 ón gCúirt maidir leis na tograí bunaidh le haghaidh athleasú 2002 ar na Rialacháin Foirne (IO C 21, 28.1.2003, lch. 1); Uimh. 1/2004 maidir leis an togra leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh athleasú 2004 ar na Rialacháin Foirne (IO C 75, 24.3.2004, lch. 1); Uimh. 5/2010 maidir le hathleasú ar na Rialacháin Foirne inar díríodh go príomha ar cheisteanna foirne a bhain leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a bhunú (IO C 291, 27.10.2010, lch. 1).

— coigiltis 258 milliún euro lasmuigh de Cheannteideal 5 den MFF,

— méadú 30 milliún euro ar an ioncam ón tobhach speisialta,

— laghdú 277 milliún euro ar an ioncam ó ranníocaí pinsin,

— laghdú 165 milliún euro ar an ioncam ó cháin.

3. Chomh maith leis sin, tá súil le timpeall 1 000 milliún euro sa bhliain a choigilt san fhadtéarma i dtaca le caiteachas ar phinsean ([1]).

**BREATHNÓIREACHTAÍ GINEARÁLTA**

4. Cuireann an Chúirt in iúl gur chóir tionchar an togra ón gCoimisiún a thomhas, ní hamháin i dtéarmaí an laghdú 5 % ar an bhfoireann a bhaint amach agus na hathruithe ar na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm, ach thairis sin i dtéarmaí an cuspóir airgeadais foriomlán atá á thuar sa togra a bhaint amach.

5. Maidir leis an laghdú 5 % atá beartaithe ar líon na foirne, ainneoin go bhfuil sé ag brath ar thorthaí na leithdháiltí buiséid laistigh de chomhthéacs an MFF, is eilimint ríthábhachtach é atá ina chuidiú i dtaca leis an sprioc choigilte airgeadais. Is amhlaidh is fearr a dhaingneofar na coigiltis phleanáilte san fhoireann agus sa chaiteachas má dhéanann gach institiúid laghdú 5 % ar a cuid foirne.

6. Ní mór do na hinstitiúidí na laghduithe atá beartaithe ar an daonchumhacht a chur i gcuntas le linn na ngníomhaíochtaí AE a phleanáil agus a chuid acmhainní foirne a bhainistiú, agus tosaíocht chuí a thabhairt, go háirithe sna breitheanna a thabharfar maidir le beartais agus caiteachais AE don chéad tréimhse MFF eile.

7. Ní thugann an togra aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna (oiliúint, measúnú feidhmíochta, ardú céime agus grádú) mar bhealaí chun táirgiúlacht fhoriomlán fhoireann an AE a fheabhsú.

**BREATHNÓIREACHTAÍ AR GHNÉITHE SONRACHA DEN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN**

**Foireann a laghdú de 5 %**

8. Tugann an Chúirt dá haire nach leanfadh sé as an togra uaidh féin go mbeadh laghdú ar líon na foirne agus coigiltis airgeadais ann dá réir. Tá tagairt shonrach in Airteagal 6 de na Rialacháin Foirne atá beartaithe do na hoibleagáidí atá leagtha amach san MFF agus sa chomhaontú idirinstitiúideach maidir lena chur i bhfeidhm ([2]). Tugann an Chúirt chun cuimhne go bhfuil méid státseirbhís an AE le cinneadh le linn na mbreitheanna bliantúla ar an nós imeachta buiséadaigh, ar ní é is gá a ailíniú le cuspóirí an togra seo ón gCoimisiún.

9. Molann an Chúirt go dtabharfadh na hinstitiúidí tuairisc gach aon bhliain maidir leis na bearta a glacadh chun freastal do na cuspóirí atá pleanáilte líon na foirne a laghdú de 5 % trí líon áirithe folúntas a éiríonn de dheasca daoine imeacht a fhágáil folamh, i.e. na daoine sin a éiríonn as agus na daoine sin a dtéann a gconarthaí in éag. Ba chóir léiriú a bheith sna tuairiscí nach bhfuiltear ag teacht timpeall ar an gcuspóir costais a laghdú, mar shampla trí úsáid a bhaint as soláthróirí seirbhíse tríú páirtí, toisc nach ndéantar foireann den sórt sin a áireamh agus comhaireamh á dhéanamh ar an líon daoine.

**Modh chun tuarastail agus pinsin a choigeartú**

10. Maidir leis an modh a úsáidtear faoi láthair chun tuarastail agus pinsin oifigigh AE a choigeartú, tá sé bunaithe ar athruithe i ndearbhthéarmaí ar thuarastail na státseirbhíseach in ocht mBallstát. Is é an modh nua atá á bheartú ná go mbunófaí coigeartuithe ar athruithe ar olltuarastal ainmniúil státseirbhíseach sna Ballstáit uile, gan éifeacht an chánachais agus na n-asbhaintí eile as an bpá a áireamh. Féadfaidh go dtiocfaidh modh nach bhfuil chomh casta sin agus atá níos sciobtha chun cinn de thairbhe an athraithe sin chun na coigeartuithe a chinneadh. Níor mhór, áfach, go ndéanfadh an reachtóir glantionchar airgeadais an athraithe sin a bhreithniú go cúramach.

11. Tugtar clásal eisceachta uathoibríoch isteach leis an togra ón gCoimisiún chun aon choigeartú suas ar thuarastail agus ar phinsin a chur siar go páirteach go ceann bliana eile. Spreagfadh sé moill bliana eile de bhreis ar an moill bliana ar a mhéid atá ann cheana féin faoi na rialacháin reatha ([3]) má fhíoraítear na coinníollacha uile dá chur chun feidhme ([4]). Déanann an mhoill ar na coigeartuithe sin laghdú ar ailíniú thuarastail agus phinsin fhoireann an AE le státseirbhísí na mBallstát. B'fhearr i bhfad dá ndéanfaí na coigeartuithe sin ag an tráth is gaire do na coinníollacha a spreagann an t-athrú.

**Athruithe ar an struchtúr gairme**

12. Déantar leis an togra earnáil foirne nua "AST/SC" a thabhairt isteach do rúnaithe agus do chléirigh i dteannta na ngrúpaí feidhme atá ann cheana féin do riarthóirí (AD) agus do chúntóirí (AST). Fágfaidh an leibhéal pá atá á bheartú do ghráid iontrála AST/SC go mbeidh sé deacair, in imthosca áirithe, foireann a earcú a mbeidh na scileanna teanga acu is gá i leith chineál oibre na n-institiúidí agus an chóimheá thíreolaíochta a choinneáil.

([1]) De réir an Choimisiúin d'fhreagródh sé sin do na 2060í, i.e. nuair is airde an tionchar ar chaiteachas pinsin (féach COIM(2011) 890 leagan deireanach, lch. 55, fonóta 10).

([2]) Foráiltear leis an dréachtchomhaontú idirinstitiúideach a mhol an Coimisiún i Meitheamh 2011 go gcomhaontóidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún le laghdú forchéimnitheach 5 % ar an bhfoireann, ar laghdú é is infheidhme i leith gach aon institiúide, comhlachta agus gníomhaireachta, idir 2013 agus 2018 (féach mír 23 de COM(2011) 403 deiridh an 29 Meitheamh 2011 "Dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar i nithe buiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais").

([3]) Féach Airteagal 65 agus Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne.

([4]) Spreagtar an mheicníocht seo más rud é (i) go ndéantar laghdú in olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais Eorpaigh a thuar don bhliain reatha; (ii) go bhfuil an luach coigeartaithe arna ríomh ag Eurostat dearfa agus é bunaithe ar athruithe ar thuarastail státseirbhíseach sna Ballstáit agus (iii) gur mó é an luach coigeartaithe ná an t-athrú a thuartar ar an Olltáirgeacht Intíre (OTI) de dhá phointe céatadáin.

13. Molann an Coimisiún go ndéanfaí athstruchtúrú ar an sruth gairme i ngrúpa feidhme AST ar dhóigh leis an dá ghrád is airde a chur in áirithe don fhoireann a bhfuil freagrachtaí suntasacha mar chúram orthu. Sa todhchaí is amhlaidh a bheidh "cúntóirí sinsearacha" (AST 10 agus AST 11) ann chomh maith le "cúntóirí" (AST 1 go AST 9). Féadfaidh, áfach, go mbeidh fadhbanna ann i dtaca le déileáil neamh-chomhionann [1] do chúntóirí a earcaíodh i ndiaidh athleasú 2004 ar na Rialacháin Foirne de dheasca na bhforálacha idirthréimhseacha a moladh don fhoireann a bheidh ar seirbhís an 31 Nollaig 2012.

## Solúbthacht san ionad oibre

14. Maidir leis an togra faoi shocruithe ama oibre solúbtha, baineann sé leis an bhfoireann ar fad cé is moite díobh siúd a cheaptar mar Cheann Aonaid, mar Stiúrthóir nó mar Ard-Stiúrthóir. Molann an Chúirt go mbreithneofaí ar chuí go mbainfeadh socruithe den chineál céanna le bainisteoirí, á chur i gcuntas, ar thaobh amháin, an tiomantas a bhféadfaidh súil le réasún a bheith leis ó bhainisteoirí, agus ar an taobh eile, an gá go mbainfeadh na hinstitiúidí an leas is fearr is féidir as a bhfoireann ar fad, lena n-áirítear iad siúd ar mian leo freagrachtaí oibre agus freagrachtaí mar thuismitheoirí a chomhnascadh.

## Comhtháthú i dtaca le rialacha a chur chun feidhme

15. Fáiltíonn an Chúirt roimh an togra go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais, ar mhaithe leis an trédhearcacht, clár a bhunú ina mbeadh rialacha chur chun feidhme na n-institiúidí ar fad agus go dtabharfadh an Coimisiún tuairisc uaidh gach trí bliana maidir leis na rialacha a bheidh glactha ag gach aon institiúid chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne. Ina theannta sin, molann an Chúirt go mbeartódh an Coimisiún nós imeachta le haghaidh réamhchomhairliúcháin d'fhonn cásanna a sheachaint ina leanfadh sé as dibhéirsithe i dtaca le rialacha a chur chun feidhme ó institiúid amháin go hinstitiúid eile nach ndéileálfaí go cothrom leis an bhfoireann.

## Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí tíreolaíochta

16. Ba chóir breithniú a dhéanamh go cúramach cuí ar an togra ón gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí suntasacha marthanacha tíreolaíochta atá ann i gcás tearcionadaíocht a bheith ag náisiúntachtaí i gcomparáid le méid coibhneasta a gcuid daonraí. Ba chóir, in aon socruithe den sórt sin, meas a bheith ar phrionsabal chomhionannas shaoránaigh an AE agus ar an bprionsabal nach mbeidh aon phost le cur in áirithe do náisiúnaigh aon Bhallstáit ar leith.

## Earnáil nua foirne sealadaí le haghaidh gníomhaireachtaí

17. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún earnáil nua a chruthú sna CEOS le haghaidh foirne sealadaí sna gníomhaireachtaí. D'earcófaí an earnáil foirne sealadaí sin ar feadh tréimhse socraithe nó tréimhse éiginnte. Na daoine sin a d'earcófaí ar feadh tréimhse éiginnte bheadh tairbhe stádais *de facto* acu a bheadh cosúil le stádas oifigigh ar gach aon slí, geall leis. Níl aon fhorálacha ann, áfach, lena ráthú go ndéanfaí foireann den sórt sin a roghnú de réir na bprionsabal agus na gcaighdeán céanna agus leis an déine chéanna a chuirtear i bhfeidhm chun oifigigh a roghnú.

**BREATHNÓIREACHTAÍ BREISE**

## Imscrúduithe riaracháin ag OLAF laistigh de na hinstitiúidí

18. Tugann an Chúirt chun cuimhne gur gá an chóimheá cheart a aimsiú idir éifeachtúlacht imscrúduithe OLAF ar thaobh amháin agus cearta bunúsacha a chosaint ar an taobh eile. Ba chóir a shoiléiriú maidir leis an gcoincheap "gníomh a fhearann go dochrach" ar dhuine lena mbaineann na Rialacháin Foirne, mar a luaitear in Airteagal 90a, go n-áirítear ann aon ghníomh a dhéanann OLAF i bhfeidhmiú a mhisin imscrúdúcháin a cheileann ar an bhfoireann ceart bunúsach a fheidhmiú go héifeachtach nó a cheileann tairbhe an chirt sin orthu, go háirithe i gcásanna ina bhfuil a thuarascáil deiridh tarraingthe suas ag OLAF agus/nó ina bhfuil faisnéis seolta ar aghaidh aici chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta. Léirítear, thairis sin, as taithí phraiticiúil, nach bhfuil na forálacha dlíthiúla reatha [2] sách cruinn le mearbhall a sheachaint faoi ról OLAF i gcásanna mí-iompair thromchúisigh nuair nach bhfuil leasanna an AE i gceist.

## An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

19. Ón uair a cruthaíodh í, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) [3] tagtha chun bheith mar phríomhphointe teagmhála idir saoránaigh AE ar mian leo bheith ag obair do na hinstitiúidí Eorpacha. Na rialacha reatha maidir le comórtais a bheidh le heagrú ag EPSO mar atá leagtha amach sna Rialacháin Foirne [4], tá siad buntúsach. Ón uair a tugadh isteach iad in 2004, tá prionsabail thábhachtacha sa phróiseas roghnúcháin soiléirithe le corpas suntasach cásdlíthe, mar shampla maidir le ról na mBord Roghnúcháin nó maidir le húsáid teangacha. Ar mhaithe leis an trédhearcacht, ba chóir go smaoineodh an Coimisiún ar na leasuithe is gá a mholadh chun go mbeidh na soiléirithe sin follasach sna forálacha iomchuí de na Rialacháin Foirne.

## Simpliú

20. In imeacht na mblianta tá na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Státseirbhíseach Eile (CEOS) éirithe níos casta agus níos casta. Ba chóir go ndéanfadh an Coimisiún staidéar i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann chun roghanna le haghaidh simpliú a aithint d'fhonn bainistíocht fhónta airgeadais a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh scrúdú ar rialacha eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus ar rialacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí AE sin nach bhfuil clúdaithe leis na Rialacháin Foirne ar áireamh i staidéar den sórt sin.

---

(1) Féach nathán dá shamhail i mír 2 de Thuairim Uimh. 1/2004 ón gCúirt.

(2) Féach Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne.

(3) Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53).

(4) Féach Airteagal 7 d'Iarscríbhinn III de na Rialacháin Foirne.

**Forálacha le haghaidh riarachán atá oscailte éifeachtach neamhspleách**

21. Cé gurb é Airteagal 336 CFAE an bonn i gcónaí chun an gaol idir na hinstitiúidí agus a gcuid foirne a rialáil, is amhlaidh a cheanglaítear ar an reachtóir AE le hAirteagal nuathionscanta 298 CFAE forálacha a ghlacadh le haghaidh riarachán Eorpaigh atá oscailte éifeachtach neamhspleách. Dhéanfadh forálacha den sórt sin rialacha na Rialachán Foirne a chomhlánú ar bhealach úsáideach. Ba chóir go smaoineodh an Coimisiún ar fhorálacha arna mbunú ar Airteagal 298 CFAE a mholadh chun an gaol idir na saoránaigh agus an riarachán Eorpach a fheabhsú; mar shampla trí shoiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na hinstitiúidí a áirithiú go ndéileálfadh a gcuid foirne go comhionann le saoránaigh nó ar an gcaoi a ndéileálann siad le coinbhleachtaí leasa.

Rinne an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo a ghlacadh i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2012.

*Don Chúirt Iniúchóirí*

Vítor Manuel da SILVA CALDEIRA

*Uachtarán*